

❖ An Lúibín ❖

24 Nollaig 2010

Paitinní

A new European patent law has linguistic implications.

Tá 500 milliún duine san AE agus 23 theanga oifigiúla, agus cainteoirí gach teanga ag éileamh chothrom na Féinne. Béarla, Fraincis agus Gearmáinis na príomhtheangacha – na cinn is mó a mbaintear feidhm astu, go háirithe Béarla, cé go seasann Frainciseoirí an fód go cróga agus gurb í an Ghearmáinis teanga an gheilleagair is treise. Is é an nós é buncháipéisí an AE a aistriú go teangacha neamhfhorleathana, ach ní gá gurb é sin an nós is caoithiúla.

Tá baint ag scéal na bpaitinní leis seo. Mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh paitinní uile-Eorpacha ann agus gur sna príomhtheangacha amháin a bheadh na cáipéisí. Rachaidís i bhfeidhm mar sin ar fud an AE, murab ionann is an scéal mar atá sé faoi láthair, agus gan paitinní ag feidhmiú ach amháin sna tíortha a mbíonn siad cláraithe. Deirtear go n-éascódh seo cúrsaí teicneolaíochta go mór, gan trácht ar airgead a shábháil: cosnaíonn sé €14,000 cáipéis a aistriú go trí theanga dhéag seachas an €680 a chaithfí dá nglacfaí le moladh an Choimisiúin.

Is cosúil an moladh úd le modh oibre Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP), foras i München na Gearmáine a bhfuil daichead tír ag roinnt leis. Ní mór iarratais a scríobh ar an gcéad dul síos i mBéarla, i nGearmáinis nó i bhFraincis de réir mhian an iarrthóra, agus leaganacha a sholáthar sa dá theanga eile. Dhéanfadh moladh an Choimisiúin dlí uile-Eorpach de seo.

Tharraing an moladh conspóid ina lán tíortha. Mhol an Spáinn gur i mBéarla a bheadh na paitinní feasta in éineacht le leagan i dteanga oifigiúil na tíre féin, ach chuir lucht cosanta na bpríomhtheangacha eile ina choinne. Moladh é a bhfuil a chiall féin leis, mar sin féin, agus rachadh sé ar sochar don Ghaeilge.



Státseirbhís an Bhéarla

Yet again, the lack of Irish speakers in the Irish civil service is lamented.

Deir Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga na hÉireann, gur gá a oiread Gaeilgeoirí a thabhairt isteach sna Ranna Stáit agus is féidir, agus gan ach 1.5% d'fhoireann na Roinne Oideachais agus Scileanna, mar shampla, in ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Léirigh suirbhé, más fíor, go bhfuil laghdú 50% tagtha ar líon na nGaeilgeoirí sa Roinn le cúig bliana anuas.

Ní scéal nua an scéal úd agus tharraing sé díospóireacht.¹ Cuireadh in iúl chomh fada siar leis an mbliain 2005 nár mhór an cúnadh duit Gaeilge a bheith agat agus tú ag iarraidh ardú céime sa státseirbhís. Ní mór an rath a bhí ar Ghaeilge éigeantach sa státseirbhís ach is beag rath atá ar an mbeartas a cuireadh ina hionad ach oiread. Cuid de na ranna stáit is tábhachtaí níor bhac siad le marcanna breise a thabhairt do Ghaeilgeoirí a bhí ag iarraidh ardú céime i gcomórtais inmheánacha. Bhí Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais ar cheann de na Ranna sin, agus í freagrach as rialacha na státseirbhíse a chur i bhfeidhm.

¹ Féach Donncha Ó hÉallaithe, *Beo*, Nollaig 2010: 'Béarla Éigeantach sa Státseirbhís': <http://www.beo.ie/alt-bearla-eigeantach-sa-statseirbhis.aspx>

Dream eile nár chuir a líofacht iontas ar an saol ba ea an Roinn Oideachais. Níl ach 1.5% d'fhoireann riaracháin na Roinne Oideachais in ann freastal ar dhaoine trí Ghaeilge. Roinn í a bhíodh ag obair trí Ghaeilge ar fad, más fíor.

Is léir nach mbeadh Gaeilgeoirí de dhíth chomh mór sin ar an státseirbhís dá múiní an teanga le héifeacht sna scoileanna lán-Bhéarla. I dtíortha Éorpacha atá inchomórtais le hÉirinn bíonn na daltaí líofa sa dara teanga (pé teanga í) ag fágáil na bunscoile dóibh. Bíodh sin mar atá, bhí toradh éigin ar scrúdú cainte na státseirbhíse fadó sa méid go mbeadh ort do chuid Gaeilge a fheabhsú chun ardú céime a fháil. Bheadh roinnt cainteoirí dúchais ann dá mbeadh fonn ort do chuid Gaeilge a chleachtadh. Is beag státseirbhíseach a mbeadh Gaeilge ar a thoil aige, áfach, agus na laethanta seo déarfaidís leat nach fiú an saothar é agus a laghad sin daoine ag éileamh seirbhíse trí Ghaeilge. Bíonn na díograiseoirí ann agus iad le moladh, ach bíonn brú an Bhéarla ina gcoinne.



Múinteoirí á gcailleadh

In the new Ireland the Gaelscoileanna are shedding staff.

Fiú agus Éire i gcruachás, níor chaill an Ghaeilge an oiread sin dá bharr. Ach ní raibh sé i ndán di go dtiocfadh sí slán ar fad. Is iad na Gaelscoileanna bunús na hAthbheochana nua, ach tá múinteoirí breise á gcailleadh acu, rud a chuirfidh as do chuid mhaith acu. Sholáthraítí múinteoirí breise do Ghaelscoileanna de réir tomhas níos boige toisc na scoileanna sin a bheith lag ar dtús, gan foirgneamh ceart acu go minic ach ranganna beaga acu chun uireasa Béarla sa bhaile a chúiteamh.

Ní hiad na Gaelscoileanna amháin atá thíos leis an gciorrú seo. Caillfear 1,230 post ar fad, agus lagófar a lán seirbhísí – cúnamh do lucht siúil, do dhaltáí gan fonn foghlama, do dhaltáí a bhfuil teanga dhúchais eile acu agus do scoileanna i gceantair bhochta thuaithe.

Tá lucht gaelscolaíochta ag gearán, ar ndóigh, ar nós gach dream eile. Tá breis is 31,000 dalta á múineadh trí Ghaeilge agus aithnítear go bhfuil rath na teanga ag brath go mór orthu. Murab ionann is múinteoirí i scoileanna lán-Bhéarla, ní bhíonn socrú athfhostaithe ag mórán múinteoirí Gaelscoile, agus beidh sé deacair acu post eile dá shórt a fháil. An Bád Bán roimh chuid acu, agus na scoileanna ag teacht i dtír de réir mar is féidir leo – scéal a bhfuil seantaithe acu air.



Duaiseanna Idirnáisiúnta Bhéal Átha na mBuillí 2011: Comórtais ar oscailt – Spriocdháta Iontrála 24 Eanáir 2011

I mbaile beag i gContae Ros Comáin a bhíonn an comórtas seo ar siúl, ach cuireann an domhan mór isteach air.

An t-airgead: duaiseanna €15,000 san iomlán. Mar chuid de sin tá €4,000 ag dul do bhuaiteoir an chomórtais Bhéarla agus an méid céanna don té a chumann an dán Gaeilge is fearr (i nGaeilge na hÉireann, i nGáidhlig nó i Manannais).

Déanann an t-eagraíocht idir-Cheilteach Colmcille urraíocht ar an duais úd, gan trácht ar an dara ceann de €2,000 agus ar an tríú ceann de €1,000; agus íoctar táille taistil agus léitheoireachta de €400 le triúr eile ar an ngearrliosta. Fágann sin Duais Percy French ar véarsaíocht ghrinn nó aorach (i mBéarla nó i nGaeilge).

Tuilleadh eolais ar fáil ag www.strokestownpoetry.org agus caithefear iontrálacha a chur isteach faoi 24 Eanáir 2011. Ábhar ar bith ach gan an dán a bheith níos faide ná 70 líne.



Gaeilge Neamh-Ghaeltachta

Where is 'real' Irish spoken? The views of researcher and academic Brian Ó Broin.

Agus deireadh na bliana buailte linn, is fiú súil a thabhairt siar ar alt leis an Dr Brian Ó Broin ar *Feasta* (deireadh Fómhair 2010): 'An Straitéis 20 Bliain agus Cainteoirí Neamh-Ghaeltachta'. Is í an Straitéis an plean mór is déanaí chun an Ghaeilge a threisiú in Éirinn agus líon na gcainteoirí a mhéadú. Bíonn mo dhuine ag obair in Ollscoil William Patterson in New Jersey agus an méid seo le rá aige:

Más ea, is beag aitheantas atá tugtha don phobal neamhghaeltachta sa straitéis 20 Bliain. Dá réir sin, ní dhéanfaidh an Straitéis difríocht ar bith do phobal labhartha na Gaeilge, ó dheas, ó thuaidh, ná thar lear.

Is é chúis a ghearáin go gcloítear le 'sean-dearcadh stát an deiscirt' sa Straitéis, dearcadh a deir gur sa Ghaeltacht amháin a labhraítear an Ghaeilge mar theanga phobail in Éirinn. Níl le déanamh sa chuid eile den tír, mar sin, ach an dátheangachas a chothú agus tús áite ag an mBéarla – tuairim a dtugann sé 'trufalais' uirthi. Deir sé nach ndéanann sin ach neart an Bhéarla a dhainníú:

Ar ndóigh, níl ach dhátheangachas de shaghas amháin inghlactha i gcás na Gaeilge – ná i gcás mionteanga ar bith – an dátheangachas sin ina bhfuil an Ghaeilge ina príomhtheanga agus an Béarla ina dhara teanga: a leithéid atá ar fáil san Ísiltír, mar shampla, ach gurb í Ísiltír an phríomhtheanga ansin, ar ndóigh.

Déanann mo dhuine tagairt don 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht' (2007), staidéar a roinn an Ghaeltacht ina trí chatagóir, A,B, agus C, de réir úsáid na teanga.

Anois, ní saineolaí mé ar úsáid na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht, ach táim cinnte go bhfuil pobail neamhghaeltachta ann ina labhartar an Ghaeilge níos fearr agus níos minicí ná i gceantair áirithe de chatagóir C sa Ghaeltacht féin. Ní raibh glacadh lena leithéid sa Staidéar Cuimsitheach.

Admhaítear sa Straitéis, mar a deir Ó Broin, go bhfuil 'cónaí ar líon substaintiúil cainteoirí laethúla Gaeilge i mórcheantar chathair Bhaile Átha Cliath agus sa limistéar máguaird' ach meastar é seo, tríd is tríd, mar rud a bhfuil tábhacht shiombalach leis. B'fhearr le mo dhuine go n-admhódh údair na Straitéise go bhfuil pobal ceart Gaeilge i mBaile Átha Cliath (rud nach bhfuil gach Gaeilgeoir sa chathair féin sásta a dhéanamh).

Is dócha gurb í seo an fhadhb is mó a bhaineann leis an Straitéis. Ní fheictear ach 'suaitheantas' agus ionannas sa teanga, ní cultúr ná modh smaointeoireachta. Mhol an chéad dréachtphlean deireadh a chur le hÚdarás na Gaeltachta agus 'Údarás na Gaeilge' náisiúnta a bhunú, agus tugann sé seo le fios gur cheap scríbhneoirí an dréachta nach bhfuil ach bua amháin ag an nGaeltacht — an teanga, agus nach pobal ceart atá ann in aon chor a bhfuil postanna agus slí bheatha uathu mar atá ó éinne.

Ach léirítear laigí eile sa Straitéis. An ceann is mó ná nach nglactar leis inti go bhfuil a leithéid ann agus pobal labhartha Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Is mór an easpa é seo agus pobal láidir labhartha Gaeilge cruthaithe i mBéal Feirste cheana féin (an t-aon limistéar uirbeach in Éirinn, b'fhéidir, ina bhfuil ceantar labhartha Gaeilge). An rud is measa, ámh, ná nach nglactar leis sa Straitéis go bhfuil pobail Ghaeilge sa tír cheana féin agus iad ceilte orainn toisc iad a bheith dátheangach.

Cuireann mo dhuine ceist: Sa lá inniu, cad is pobal teanga ann? In aois seo an domhandaithe agus an Idirlín, a deir sé, caithfidh fáil réidh leis an seandearcadh gur gá crosbhóthar agus tithe chun baile agus pobal a chruthú. Tá Ó Broin féin agus a mhuirín ina gcónaí i bhfobhaile in New Jersey agus Gaeilge á húsáid go coitianta acu, rud, dar leis, a nascann le pobal mór na teanga iad. Agus tá gá le dearcadh níos leithne in Éirinn féin:

Dar leis an iomarca daoine, a bhfuil róshuim acu i gceartscríobh agus i gceartlabhairt, seachas gnáthscríobh agus gnáthlabhairt na teanga, níl an Ghaeilge á húsáid ach in aon áit amháin in Éirinn — sa Ghaeltacht; agus níl á labhairt lasmuigh den áit sin ach rud saorga, neamh-mharthanach, scoil-bhunaithe, dar leo. Cheana féin tá níos mó cainteoirí laethúla Gaeilge ina gcónaí lasmuigh den Ghaeltacht ná laistigh di, agus má tá Rialtas na hÉireann chun freastal ceart a dhéanamh ar an teanga, caithfear cúram ceart a dhéanamh díobh.

Féach <http://www.feasta.ie/2010/deiref/alt5.html>.



Sibhialtacht na hAmasóine

It is becoming clearer by the year that the Amazon, a vast region of jungle and rivers, was centuries ago the home of millions who farmed, built roads and created vast geometrical symbols.

Tá an fhianaise le fáil ar fud na hAmasóine – fianaise ar shibhialtacht a chothaigh daonra chomh mór le fiche milliún duine. D'fhág siad *terra preta* ina ndiaidh - cré atá déanta de chac daonna, d'ábhar eile orgánach agus d'fhioghual agus iad measctha tríd an ngnáthithir. Tá limistéir mhóra faoi chrainn leathfhiáine torthaí ann, agus rian na n-oibreacha móra.

Sa bhliain 1541 agus é ag siúl an réigiúin, chonaic manach Spáinneach darbh ainm Gaspar de Carvajal cathracha bána, báid mhóra, ithir mhéith agus bóithre bána – scéal a ndearna staraithe neamshuim de mar áibhéil le fada an lá, agus gan eolas acu ach ar an gcultúr tanaithe a fágadh ann tar éis an dochair a rinne galracha Eorpacha.

Ní chreideann gach seandálaí fós gurbh fhéidir leis na táinte cónaí sa réigiún seo, áit a bhfuil an ghnáthithir neamh-mhéith agus a mbeadh sclábhaíocht mhór ag teastáil chun pobal a chothú ann. Deir a leithéidí nach bhfuil na tuairimí is déanaí ag teacht leis an bhfianaise. Os a choinne sin, tá iarsmaí iontacha ann a chuireann údarás, a bheag nó a mhór, le teoiric úd na sibhialtacht. Ach go fiú na seandálaithe a sheasann leis an dearcadh nua deir siad nach ceart leithscéal a dhéanamh den saothrú a rinneadh fadó chun slad a dhéanamh ar Amazonia anois.

Maidir leis an saothrú úd, ní mór a bheith seiftiúil agus fianaise á lorg. Na tithe adhmaid a bhíodh ann b'fhurasta leo lobhadh, rud a fhlógann seandálaithe i dtaobh le cianbhraiteoirí, le radar talamhthreáiteach agus le híomháu satailíte. Bíonn daoine ag tochailt freisin agus blúirí dathacha ceirmigh á bhfáil acu a bhaineann leis an hOmaguaigh, cine ársa. Tháinig Michael Hecklenberger (Ollscoil Florida) ar chabhsaí agus ar chanálacha feadh an Xingu, craobh den Amasóin, a d'fhéadfadh a bheith chomh sean le 800 AD.

Tháinig seandálaithe ar bhreis is dhá chéad geoglif i stát Acre sa Bhrasaíl – fíoracha móra geoiméadrúla ar dhroim talún arbh é Alceu Ranzi, seandálaí Brasaíleach, ba thúisce a d'aimsigh iad sna 1990í. An dífhoraioisiú a nocht iad. Tá ciorcail agus dronuilleoga ann agus iad idir céad méadar agus trí chéad méadar trasna. Meastar go ndearnadh na geoglifeanna idir 200 AD agus an 13ú haois. Tá dígeanna ann atá idir aon 11 mhéadar agus 11.5 méadar ar leithead agus iad leagtha amach go slachtmhar, agus bealaí ag dul go díreach chun abhann. Is dócha go raibh na mílte duine ina gcónaí ann.

Rud eile a fuarthas nuair a d'ísigh leibhéal na haibhneacha de bharr triomaigh: carraigeacha a raibh aghaidheanna agus nathracha greanta orthu, láimh le cathair Manaus. Rinne seandálaithe grianghrafanna díobh sular bháigh an t-uisce arís iad, agus meastar go bhfuil siad an-sean – idir 3,000 agus 7,000 bliain d'aois.

Ní in aice leis an haibhneacha a bhíodh na bailte i gcónaí. Tháinig seandálaithe ón mBrasaíl agus ón tSualainn ar thimpeall nócha baile laistear de Santarém, cathair Amasónach. Tá stráicí de *terra preta* ann, agus gan teacht réidh ar aibhneacha. In aice le cuid de na bailte is mó, áfach, fuarthas loganna leathana, agus b'fhéidir gur taiscumair iad. Tá neart iarsmaí ann, go háirithe ceirimigh.

Ba mhaith leis na seandálaithe na láithreáin seo go léir a chaomhnú agus a thaifeadadh, ach is deacair é sin a dhéanamh agus feirmeoirí, lucht leagarnaí agus pobail uirbeacha ag cúngú gan stad orthu. Bíonn teacht ar neart iarsmaí ar bhruacha abhann, ach ní furasta na bruacha céanna a chosaint.

Fuarthas rudaí eile ar imeall an réigiúin, ag Jaén i dtuaisceart Pheiriú, áit a dtugann na hAindéis a n-aghaidh ar an Amasóin. Tháinig seandálaithe agus daoine de bhunadh na háite ar dhá theampall a d'fhéadfadh a bheith 4,000 bliain d'aois agus a bhain, is dócha, le sinsir na mBracamorach, pobal a bhí ina gcónaí i bPeiriú agus in Eacuadór. Tá timpeall ceithre thuama dhéag ag baint le gach teampall agus cnámha leanaí agus ógánach a cuireadh ann mar íobairtí i gcuid acu. Áit dramháiola a bhí déanta den láithreán sular thosaigh an tochailt. Fuarthas ballaí móra leathchiorclacha a rinneadh de dhóib ar dtús agus ansin de chlocha móra: na teampaill is sine a fuarthas riamh sa réigiún seo agus iad tógtha timpeall 2,000 bliain RCh.

Is baolach go ndéanfaidh athrú aeráide agus cúngú daoine araon an Amasóin atá anois ann a scrios. Mar sin féin, tiocfaidh na seandálaithe ar iarsmaí eile de na pobail úd a d'fhág a rian ar an réigiún. De réir a chéile cheil an

dufair a raibh déanta acu – an *terra preta*, na bealaí, na geoglifeanna. Tá na pobail sin tagtha ar ais mar chuid dár samhlaíocht anois agus ní féidir iad a dhíbirt.

* <http://www.washingtonpost.com/wp-dyn/content/article/2010/09/05/AR2010090503740.html>

* <http://www.archaeologydaily.com/news/201002103273/More-on-Archaeologists-study-signs-of-ancient-civilization-in-Amazon-basin.html>

* <http://www.archaeologydaily.com/news/201011115519/Stone-age-etchings-found-in-Amazon-basin-as-river-levels-fall.html>

* <http://www.archaeologydaily.com/news/201010265395/Archaeologists-discover-pre-Colombian-water-conservation-measures-in-Amazonia.html>

* <http://www.archaeologydaily.com/news/201009295196/Amazon-Road-Workers-Find-Ancient-Earth-Carvings.html>



Nollaig faoi shéan agus faoi shonas do léitheoirí An Lúibín, agus bliain úr faoi mhaise.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Ailt d'fhoghlaimoirí

Paitinní²

Tá trí theanga oifigiúla agus fiche san Aontas Eorpach (AE). Béarla, Fraincis agus Gearmáinis na príomhtheangacha. Is é an nós é buncháipéisí³ an AE a aistriú go teangacha neamhfhorleathana, ach ní gá gurb é sin an nós is caothúla.

Tá baint ag scéal na bpaitinní leis seo. Mhol an Coimisiún Eorpach go mbeadh paitinní uile-Eorpacha⁴ ann agus gur sna príomhtheangacha amháin a bheadh na cáipéisí. Rachaidís i bhfeidhm mar sin ar fud an AE. Faoi láthair ní fheidhmíonn⁵ paitinní ach amháin sna tíortha a mbíonn siad cláraithe. Deirtear gur mhaith an rud é an plean nua i gcúrsaí teicneolaíochta agus go sábhálfai airgead.

Déanann Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP) é seo cheana, agus tá baint ag daichead tír léi. Dhéanfadh moladh an Choimisiúin dlí uile-Eorpach de seo.

Chuir an moladh conspóid ar siúl ina lán tíortha. Mhol an Spáinn gur i mBéarla a bheadh na paitinní feasta in éineacht le leagan i dteanga oifigiúil na tíre féin. Chuir lucht cosanta⁶ na bpríomhtheangacha eile ina choinne seo, áfach.

Gaeilge Neamh-Ghaeltachta

Tá baint ag an Dr Brian Ó Broin le hOllscoil William Patterson in New Jersey. Tá a lán taighde déanta aige ar staid na Gaeilge. Tamall ó shin d'fhoilsigh sé alt ar an Straitéis 20 Bliain, scéim chun an Ghailege a chur chun cinn i nÉirinn. Deir sé ann gur beag aitheantas atá tugtha don phobal neamhghaeltachta sa Straitéis. Dá bhrí sin,⁷ ní dhéanfaidh sí difríocht ar bith do chainteoirí Gaeilge in Éirinn ná thar lear.

Déantar talamh slán de,⁸ dar leis, gur sa Ghaeltacht amháin a labhraítear an Ghaeilge mar theanga phobail. Deir Ó Broin gurb é an cuspóir atá ag an Straitéis an dátheangachas a chothú sa chuid eile den tír agus tús áite ag an mBéarla. Má dhéantar é seo, áfach, scriosfaidh an Béarla an Ghaeilge arís.

Deir sé go n-admhaíonn an Straitéis go bhfuil mórán cainteoirí Gaeilge le fáil i mBaile Átha Cliath agus ina thimpeall. Ba cheart, mar sin, a admháil go bhfuil pobail Ghaeilge le fáil taobh amuigh den Ghaeltacht. Tá siad ceilte faoi láthair toisc iad a bheith dátheangach.

Cuireann Ó Broin ceist: cad is pobal teanga ann inniu? Tá Ó Broin féin agus a mhuirín ina gcónaí i bhfobhaile i New Jersey agus Gaeilge á húsáid acu. Nascann sin le pobal mór na teanga iad. In Éirinn féin tá níos mó cainteoirí líofa le fáil taobh amuigh den Ghaeltacht ná taobh istigh di, agus caithfidh an Rialtas cúram ceart a dhéanamh díobh.

Sibhialtacht na hAmasóine

Tá fianaise le fáil ar fud na hAmasóine ar shibhialtacht a chothaigh na milliúin duine. D'fhág siad *terra preta* ina ndiaidh - cré atá déanta de chac daonna, d'ábhar orgánach eile agus d'fhioghual agus iad measctha tríd an ngnáthhithir. Tá crainn torthaí ann, agus rian na n-oibreacha móra.

Sa bhliain 1541 chonaic manach Spáinneach cathracha bána, báid mhóra, ithir mhéith agus bóithre ann. Níor thug staraithe aird⁹ ar an scéal sin, toisc gur shíl siad nach raibh ann ach áibhéil.

² Paitinní – patents

³ Buncháipéisí – basic documents

⁴ Uile-Eorpach – all-European

⁵ Ní fheidhmíonn – do not function

⁶ Lucht cosanta - defenders

⁷ Dá bhrí sin – because of that

⁸ Déantar talamh slán de – it is taken as a given

⁹ Tabhair aird ar – pay attention to

Ní chreideann gach seandálaí fós gurbh fhéidir le líon mór daoine cónaí ann, ach tá iarsmaí iontacha ann. Deir na seandálaithe, áfach, nach ceart slad a dhéanamh ar Amazonia anois, go fiú má shaothraítí é fadó¹⁰.

Ní mór a bheith seiftiúil agus fianaise á lorg. Tá seandálaithe ag brath ar chianbhraiteoirí,¹¹ ar radar agus ar íomháú¹² satailíte. Bíonn daoine ag tochailt freisin agus blúirí dathacha ceirmigh á bhfáil acu, gan trácht ar chabhsaí¹³ agus ar chanálacha.

Tháinig seandálaithe ar fíoracha móra geoiméadrúla: ciorcail agus dronuilleoga a rinneadh idir 200 AD agus an 13ú haois. Tá dígeanna ann agus bealaí a théann chun na n-aibhneacha. Is dócha go raibh na mílte duine ina gcónaí ann.

Nuair a d'ísigh leibhéal na n-haibhneacha de bharr triomaigh, fuair siad aghaidheanna agus nathracha greanta ar charraigeacha sna haibhneacha. Tá na híomhánna sin an-sean – idir 3,000 agus 7,000 bliain d'aois.

Ba mhaith leis na seandálaithe na láithreáin a chaomhnú ach is deacair é sin a dhéanamh agus daoine ag cúngú orthu¹⁴ – feirmeoirí, mar shampla.

Fuair siad rudaí eile ar imeall an réigiúin i bPeiriú. Tháinig siad ar dhá theampall a d'fhéadfadh a bheith¹⁵ 4,000 bliain d'aois. Tá timpeall ceithre thuama dhéag ag baint le gach teampall agus a lán íobairtí daonna iontu. Is iad na teampaill is sine a fuair siad riamh sa réigiún seo iad. Tógadh iad timpeall 2,000 bliain RCh.

¹⁰ Má shaothraítí é – if it used to be cultivated

¹¹ Cianbhraiteoirí – remote sensors

¹² Íomháú - imaging

¹³ Cabhsaí - causeways

¹⁴ Ag cúngú orthu – encroaching on them

¹⁵ A d'fhéadfadh a bheith – that could be